GAISCE
GRADAM AN UACHTARÁIN

DO THREOIR DO CHLÁR GAISCE

DO SHLÍ: DO GHRADAM

MAR GHEALL AR GHAISCE

Is é Gaisce – Gradam an Uachtaráin an gradam óige is mó cáil in Éirinn, agus is dúshlán é a chuireann Micheál D. Ó hUiginn, Uachtarán na hÉireann, roimh dhaoine óga idir 15-25 ort chun aidhm a roghnú agus a bhaint amach mar léiriú ar an gcumas atá iontu.

Clár foghlama neamhfhoirmiúil is ea Gaisce, a chuirtear ar fáil le cabhair ó 1,200 Treoraí Gradam Gaisce (PALanna) in 850 Comhpháirtithe Gradam Gaisce ar fud na tíre.

Is cur chuige struchtúrtha é Gaisce trína ndéantar forás pearsanta duine óg a thomhas agus a aithint. Ní hé an obair bhreise an rud is tábhachtaí ach an dea-thionchar a bhíonn ag Gaisce ar shaol an duine óig.

Déan difríocht dhearfach i saol duine óig, oscail www.gaisce.ie chun tús a chur leis.

@gaisceaward

Gaisce - Gradam an Uachtaráin

AN MODH LE HAGHAIDH RANNPHÁIRTITHE

Chun Gradam Gaisce a bhaint amach, is gá gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh ar feadh uair an chloig ar a laghad gach seachtain i ngach ceann de na trí réimse dúshláin - Scil Phearsanta, Cabhrú le do Phobal agus Caitheamh Aimsire Coirp.

Rud eile! Téann tú ar Turas Eachtraíochta. Chun an Gradam Óir a fháil, ní mór Tionscadal Cónaithe a dhéanamh agus Punann a chur le chéile chomh maith.

Gradaim Gaisce	Scil Phearsanta	Obair Phobail	Caitheamh Aimsire Coirp	+ MÓIDE	Turas Eachtraíochta	Tionscadal Cónaithe	Punann	GRADAM
Gradam Cré-umha Rannpháirtithe 15+ Clárú €15	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Gníomhaíochtaí in aon Réimse Dúshláin ar feadh 13 seachtaine breise	2 lá, oíche amháin (Turas nó Taiscéaladh)	X	X	
	13 SEACHTAINE	+	13 SEACHTAINE	+	DHÁ LÁ, OÍCHE AMHÁIN			= GRADAM CRÉ-UMHA
Gradam Airgid Rannpháirtithe 16+ Clárú €20	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Rannpháirtithe nach bhfuil Bonn Cré-umha acu, caitheann siad 26 seachtaine breise ar aon Réimse Dúshláin	3 lá, 2 oíche (Turas nó Taiscéaladh)	X	X	
	26 SEACHTAINE	+	26 SEACHTAINE	+	3 LÁ, 2 OÍCHE			= GRADAM AIRGID
Gradam Óir Rannpháirtithe 17+ Clárú €25	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Rannpháirtithe nach bhfuil Bonn Airgid acu, caitheann siad 26 seachtaine breise ar aon Réimse Dúshláin	4 lá, 3 oíche (Turas nó Taiscéaladh)	4 oíche, 5 lá Tionscadal Cónaithe	Punann	
	52 SEACHTAINE	+	26 SEACHTAINE	+	4 LÁ, 3 OÍCHE	+ 4 OÍCHE, 5 LÁ	+ PUNANN	= GRADAM ÓIR

TÚS A CHUR LEIS

1. Ní mór do rannpháirtithe Ceannaire Gradam an Uachtaráin (PAL) a fháil dóibh féin: Cabhróidh PAL leat ar do thuras Gaisce. Is féidir go bhfuil PAL le fáil i do scoil féin, i do choláiste, i do ghrúpa óige nó in eagraíocht pobail i do cheantar féin. Caithfidh tú PAL a aimsiú sula gcláraíonn tú do Ghaisce. Má tá sé deacair ort PAL a fháil, seol ríomhphost chuig foireann Gaisce.ag info@gaisce.ie agus cabhróimid leat tús a chur leis.

2. Roghnaigh do ghníomhaíochtaí féin agus pléigh iad le do PAL le bheith cinnte go bhfuil siad oiriúnach agus go bhfuil siad sách dúshlánach don ghradam seo. Is féidir leat gníomhaíochtaí a dhéanann tú cheana féin a roghnú, nó rud éigin nua a thosú.

3. Cláraigh ar líne ag www.gaisce.ie agus cuir tús le do Thuras Gaisce!

Ceannaire Ghradam an uachtaráin (PAL)

Duine fásta (18+) is ea gach PAL, duine atá oilte agus grinnfhiosraithe ag Gaisce chun cabhrú leis na daoine óga atá ag glacadh páirte i gclár Gaisce. Cuid an-tábhachtach de chlár Gaisce is ea gach PAL: tacaíonn siad leis na mílte daoine óga ar a n-aistear Gaisce gach bliain. Foghlaimíonn na Treoraithe i nGradam Gaisce scileanna ceannaireachta trí thacú le daoine ar a n-aistear Gaisce, agus faigheann siad tacaíocht ón bhfoireann speisialta Oibríochtaí agus Forbartha.

Ról an PAL

Is éard a dhéanann PAL na daoine óga atá páirteach i gclár Gaisce a threorú, a chóitseáil agus a mhisniú ón uair a gcláraíonn siad go dtí deireadh an chláir. Treoraíonn an PAL na rannpháirtithe agus iad ag tabhairt faoi gach ceann de na réimsí dúshláín le cinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht de réir bheartais agus ghnásanna Gaisce.

Conas bheith i do PAL

- **Chun bheith i do PAL Gaisce, cuir isteach foirm iarratais PAL a gheofar ar Gaisce.ie**
- **Déanfaidh an fhoireann anseo grinnfhiosrú an Gharda agus seiceáil na dteistiméireachtaí a chomhordú.**
- **Freastalaíonn iarratasóirí ansin ar oiliúint faoi threoir Gaisce**
- **Tar éis an próiseas seo a chur i gcrích, is féidir leat dul i mbun oibre le rannpháirtithe!**

Na buntáistí le bheith i do PAL

- **Déan difear i saol daoine óga i do phobal féin**
- **Bí páirteach i gclár foráis phearsanta do dhaoine óga a bhfuil aitheantas náisiúnta aige.**
- **Déan do scileanna meantóireachta agus cóitseála a fhorbairt**

Déan difríocht dhearfach i saol duine óig, oscail www.gaisce.ie chun tús a chur leis

“Bhain mé an-taitneamh as Gaisce! An rud is fearr ná na cuimhní maithe atá agam air. Bhí go leor spóirt againn leis an ngrúpa ar an Turas Eachtraíochta agus ar an Tionscadal Cónaithe. Bímid ag caint go minic ar an spórt sin nuair a bhímid le chéile.”

Dylan White, Faighteoir an Ghradáim Óir 2018

Comhpháirtí Gradam Gaisce

Cad is Comhpháirtí Gradam Gaisce ann?

Is éard is Comhpháirtithe Gradam Gaisce ann eagraíochtaí a chuireann Clár Gaisce ar fáil agus a gcláraíonn daoine óga leo chun a ngradam a bhaint amach. Bíonn tacaíocht ag na daoine óga ó thús deireadh ó PALanna atá ag obair ar phá nó go deonach i gComhpháirtithe Gradam Gaisce.

Tá na céadta Comhpháirtithe ar fud na hÉireann ag tacú le daoine óga chun gur féidir leo a nGradam Gaisce a bhaint amach. Ina measc tá seirbhísí óige, caiféanna agus clubanna óige, scoileanna, seirbhísí promhaidh, Foróige, institiúidí tríú leibhéal, seirbhísí míchumais, príosúin, clubanna spóirt, grúpaí oideachasúla agus go leor grúpaí eile. Ceapann na Comhpháirtithe seo baill foirne agus/nó saorálaithe óna n-eagraíocht féin chun freastal ar oiliúint PAL agus chun clár GAISCE a chur ar fáil.

Cén fáth a gcuirfeadh d'eagraíocht Clár Gaisce ar fáil?

- **Is cur chuige struchtúrtha é Gaisce trína ndéantar forás pearsanta duine óg a thomhas agus a aithint.**
- **Is ceiliúradh é Gaisce ar an méid a dhéanann gach rannpháirtí ann nó inti féin agus féachtar chuige i gcónaí go mbíonn an iliomad bealaí ann chun Gradam Gaisce a bhaint amach**
- **Is féidir go bhfuil daoine óga i d'éagraíocht féin páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chur san áireamh i leith Gradam Gaisce**
- **Tá sé cruthaithe gur slí é Gaisce chun féinmhuinín agus folláine a mhéadú (tá an taighde ar fáil ag gaisce.ie)**

"Mar mhúinteoir, is breá liom bheith im' Cheannaire ar Ghradam an Uachtaráin, de bhrí go bhfeicim mo chuid daltaí ag dul i bhféinmhuiníne, ag réiteach le bheith ina gceannairí óga agus ag fáil amach cad ba mhaith leo a dhéanamh mar shlí bheatha trí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí Gaisce."

Clare Molloy - Meánscoil Phádraig - Faighteoir an Ghradaim Fhiúntais Chathartha 2018

Comhpháirtí Dúshláin

Comhpháirtí DÚSHLÁIN
GAISCE GRADAM AN UACHTARÁIN

Cad is Comhpháirtí Dúshláin Gaisce ann?

Is éard is Comhpháirtithe Dúshláin ann eagraíochtaí a chuireann ar chumas do dhaoine atá páirteach i gClár Gaisce réimse amháin nó níos mó de na réimsí dúshláin a chur i gcrích. Feidhmíonn siad mar mhaoir gníomhaíochta, agus síníonn siad foirm a deir gur chomhlíon an mac léinn gníomhaíocht sheachtainiúil mar chuid den Ghradam Gaisce.

Réimsí Dúshláin

Cabhrú le do Phobal
- obair dheonach a dhéanamh le carthanas nó grúpa pobail

Scil Phearsanta
– scil atá agat cheana a fhorbairt nó triail a bhaint as rud éigin nua

Caitheamh Aimsire Coirp
- bheith níos gníomhaí trí spórt nó aclaíocht

Turas Eachraíochta
– fáil amach faoin saol mór lasmuigh ar thuras foirne

Tionscadal Cónaithe
(Leibhéal Óir amháin)
- taithní a fháil ar an saol trí bheith ceithre oíche as baile

Na Buntáistí le bheith i do Chomhpháirtí Dúshláin

- Tacú le daoine óga chun an gealladh atá fúthu a fhíorú
- Aitheantas mar Chomhpháirtí Gradam Gaisce oifigiúil
- Is féidir go bhfuil daoine óga i d'éagraíocht féin páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chur san áireamh i leith Gradam Gaisce
- D'eagraíocht a chur chun cinn mar Chomhpháirtí Dúshláíin le Comhpháirtithe Gradam Gaisce

Ar mhaith le d'eagraíocht bheith ina Comhpháirtí Dúshláin?
Oscail gaisce.ie/challengepartner chun tuilleadh a fháil amach.

@gaisceaward Gaisce - Gradam an Uachtaráin

Is cuideachta é Gaisce - Gradam an Uachtaráin, The President's Award atá teoranta le ráthaíocht (CRO 251020) agus a bhfuil uimhir CHY agus CRA aici (8482 agus 20020903 faoi seach). Is é Teach Ratra, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath D08YD62 ár seoladh cláraithe